Parlaimint na hEorpa
2019-2024

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0452(COD)

17.1.2024

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac
(COM(2023)0777 – C9-0437/2023 – 2023/0452(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Birgit Sippel

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 20

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac
(COM(2023)0777 – C9-0437/2023 – 2023/0452(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0777),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 16(2) agus d'Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0437/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (XXXX),

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Lua 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ag féachaint don tuarascáil ón

gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (COM(2023) 797 final)

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1) Chun comhlíonadh oibleagáidí tuairiscithe soláthraithe a éascú, go háirithe chun meaisín-inléiteacht agus so-inrochtaineacht na dtuarascálacha a áirithiú, ba cheart formáid foilseacháin na dtuarascálacha de bhun Airteagal 3(1)(f)(vii) de Rialachán 2021/1232 a chomhchuibhiú.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, chomh maith le tuairisciú cuimsitheach agus inchomparáide a chumasú, is gá teimpléid a leagan síos maidir le mionsonraí na dtuarascálacha ar cheart do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir iad a fhoilsiú agus a chur faoi

bhráid an údaráis inniúil maoirseachta agus an Choimisiúin maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi Rialachán 2021/1232.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1b) Chun gur féidir grinnscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir an teimpléad agus na treoracha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid agus a n-oibleagáidí tuairiscithe de bhun Rialachán (AE) 2021/1232 á gcomhlíonadh acu.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) I bhfianaise na tuarascála cur chun feidhme ón gCoimisiún Eorpach an 19 Nollaig 2023 (COM(2023) 797) agus chun comhsheasmhacht agus soiléireacht a áirithiú, ba cheart sainmhínithe nach bhfuil ábhartha a thuilleadh a scriosadh ó Rialachán 2021/1232. Ós rud é nach n-áirítear sirtheoireacht leanaí i raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart an sainmhíniú sin a scriosadh.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 b (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Aithris 16

An téacs atá ann	*Leasú*
	(4b) In Aithris 16 de Rialachán (AE) 2021/1232, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:
(16) Ba cheart na cineálacha teicneolaíochtaí a úsáidtear chun críocha an Rialacháin seo a bheith ar na cinn is lú a chuireann isteach ar an bpríobháideachas i gcomhréir leis an úrscothacht atá in úsáid sa tionscal. Níor cheart na teicneolaíochtaí sin a úsáid chun téacs a scagadh agus a scanadh go córasach i gcumarsáid ach amháin má dhéantar sin chun patrúin a bhrath lena dtugtar le fios go bhféadfadh cúiseanna nithiúla amhrais a bheith ann faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, agus níor cheart a bheith in ann, leis na teicneolaíochtaí sin, substaint inneachar na cumarsáide a thuiscint. ***I gcás na teicneolaíochta a úsáidtear chun sirtheoireacht leanaí a shainaithint, ba cheart na cúiseanna nithiúla amhrais sin a bheith bunaithe ar thosca riosca arna sainaithint go hoibiachtúil amhail difríocht aoise agus an bhaint is dócha a bheith ag leanbh sa chumarsáid scanta.***	(16) Ba cheart na cineálacha teicneolaíochtaí a úsáidtear chun críocha an Rialacháin seo a bheith ar na cinn is lú a chuireann isteach ar an bpríobháideachas i gcomhréir leis an úrscothacht atá in úsáid sa tionscal. Níor cheart na teicneolaíochtaí sin a úsáid chun téacs a scagadh agus a scanadh go córasach i gcumarsáid ach amháin má dhéantar sin chun patrúin a bhrath lena dtugtar le fios go bhféadfadh cúiseanna nithiúla amhrais a bheith ann faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, agus níor cheart a bheith in ann, leis na teicneolaíochtaí sin, substaint inneachar na cumarsáide a thuiscint.

Or. en

(32021R1232)

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 c (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Aithris 21

An téacs atá ann	*Leasú*
	(4c) In Aithris 21 de Rialachán (AE) 2021/1232, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:
(21) Chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú i leith na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun an mhaolaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart do sholáthraithe, faoin 3 Feabhra 2022, agus faoin 31 Eanáir gach bliain ina dhiaidh sin, tuarascálacha a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil maoirseachta arna ainmniú de bhun Rialachán (AE) 2016/679 (“údarás maoirseachta”) agus faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart a chumhdach le tuarascálacha den sórt sin an phróiseáil a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear cineál agus líon na sonraí a phróiseáiltear, na forais shonracha ar a mbeifear ag brath chun sonraí pearsanta a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2016/679, na forais ar a mbeifear ag brath i gcomhair aon aistriú sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas de bhun Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb infheidhme, líon na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a sainaithníodh, ***agus idirdhealú á dhéanamh idir ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne agus sirtheoireacht leanaí,*** líon na gcásanna inar thaisc úsáideoir gearán leis an sásra sásaimh inmheánaigh nó inar lorg sé nó sí leigheas breithiúnach agus toradh gearán agus imeachtaí breithiúnacha den sórt sin, líon agus cóimheasa earráidí (bréagdheimhneacha) na dteicneolaíochtaí éagsúla a úsáidtear, na bearta a chuirtear i bhfeidhm chun an ráta earráide a theorannú agus an ráta earráide a bhaintear amach leo, an beartas coinneála agus na coimircí cosanta sonraí a chuirtear i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) 2016/679, agus ainmneacha na n-eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí ar roinneadh sonraí leo de	(21) Chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú i leith na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun an mhaolaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart do sholáthraithe, faoin 3 Feabhra 2022, agus faoin 31 Eanáir gach bliain ina dhiaidh sin, tuarascálacha a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil maoirseachta arna ainmniú de bhun Rialachán (AE) 2016/679 (“údarás maoirseachta”) agus faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart a chumhdach le tuarascálacha den sórt sin an phróiseáil a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear cineál agus líon na sonraí a phróiseáiltear, na forais shonracha ar a mbeifear ag brath chun sonraí pearsanta a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2016/679, na forais ar a mbeifear ag brath i gcomhair aon aistriú sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas de bhun Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb infheidhme, líon na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a sainaithníodh, líon na gcásanna inar thaisc úsáideoir gearán leis an sásra sásaimh inmheánaigh nó inar lorg sé nó sí leigheas breithiúnach agus toradh gearán agus imeachtaí breithiúnacha den sórt sin, líon agus cóimheasa earráidí (bréagdheimhneacha) na dteicneolaíochtaí éagsúla a úsáidtear, na bearta a chuirtear i bhfeidhm chun an ráta earráide a theorannú agus an ráta earráide a bhaintear amach leo, an beartas coinneála agus na coimircí cosanta sonraí a chuirtear i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) 2016/679, agus ainmneacha na n-eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí ar roinneadh sonraí leo de bhun an Rialacháin seo.

bhun an Rialacháin seo.

Or. en

(32021R1232)

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 2 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1
	In Airteagal 2, scriostar an tríú mír.

Or. en

(32021R1232)

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1a
	Teimpléad don tuairisciú
	(1) Foilseoidh soláthraithe an tuarascáil i bhformáid CSV (luachanna camógdheighilte) chun a áirithiú go bhfuil na tuarascálacha meaisín-inléite. Cuirfidh an Coimisiún na leaganacha CSV agus XLSX den teimpléad in Iarscríbhinn I ar fáil ar líne.
	(2) Maidir le soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, cumhdófar leis an gcéad timthriall tuairiscithe tar éis dháta chur i bhfeidhm iomlán Rialachán (AE) 20XX/XX an 4 Lúnasa 2024 an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024. I gcás nach leanfaidh an tréimhse

ón 1 Eanáir go dtí an 4 Lúnasa 2024 an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, áireofar i roinn ar leith den chéad tuarascáil eile í.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 b (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe i

An téacs atá ann	*Leasú*
	Airteagal -1b
	In Airteagal 3, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(i):
"(i) tá fíorghá léi chun teicneolaíocht shonrach a úsáid chun ***na críche*** ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhrath agus a bhaint agus é a thuairisciú d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí agus ***sirtheoireacht leanaí a bhrath agus a thuairisciú d'údaráis forfheidhmithe dlí nó d'eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus chun na críche*** sin amháin;	(i) tá fíorghá léi chun teicneolaíocht shonrach a úsáid chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhrath agus a bhaint agus é a thuairisciú d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí agus ***chuige*** sin amháin;

Or. en

(32021R1232)

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 c (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

An téacs atá ann	*Leasú*
	Airteagal -1c
	In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a

	leanas in ionad mhír 1, pointe (d):
“(d) maidir le teicneolaíocht nua, rud a chiallaíonn teicneolaíocht a úsáidtear chun ***na críche*** ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhrath nár bhain aon soláthraí úsáid aisti i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh d'úsáideoirí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir (“úsáideoirí”) san Aontas roimh an 2 Lúnasa 2021, ***agus maidir le teicneolaíocht a úsáideadh chun na críche sirtheoireacht fhéideartha leanaí a shainaithint,*** tuairiscíonn an soláthraí ar ais don údarás inniúil maidir leis na bearta a rinneadh chun a léiriú go bhfuil comhairle i scríbhinn arna heisiúint i gcomhréir le hAirteagal 36(2) de Rialachán (AE) 2016/679 á comhlíonadh ag an údarás inniúil maoirseachta arna ainmniú de bhun Chaibidil VI, Roinn 1, den Rialachán sin (“údarás maoirseachta”) le linn an nós imeachta réamhchomhairliúcháin.	(d) maidir le teicneolaíocht nua, rud a chiallaíonn teicneolaíocht a úsáidtear chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhrath ***agus*** nár bhain aon soláthraí úsáid aisti i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh d'úsáideoirí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir (“úsáideoirí”) san Aontas roimh an 2 Lúnasa 2021, tuairiscíonn an soláthraí ar ais don údarás inniúil maidir leis na bearta a rinneadh chun a léiriú go bhfuil comhairle i scríbhinn arna heisiúint i gcomhréir le hAirteagal 36(2) de Rialachán (AE) 2016/679 á comhlíonadh ag an údarás inniúil maoirseachta arna ainmniú de bhun Chaibidil VI, Roinn 1, den Rialachán sin (“údarás maoirseachta”) le linn an nós imeachta réamhchomhairliúcháin.

Or. en

(32021R1232)

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 d (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal -1d
	In Airteagal 3, mír 1, scriostar pointe (f).

Or. en

(32021R1232)

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 e (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g – pointe iii

An téacs atá ann	*Leasú*
	Airteagal -1e
	In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (g)(iii):
” (iii) áirithíonn siad nach ndéantar ábhar nár sainaithníodh roimhe sin mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne ***nó sirtheoireacht leanaí*** a thuairisciú d’údaráis forfheidhmithe dlí nó d’eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí gan deimhniú ó dhuine a fháil roimh ré; ”	” (iii) áirithíonn siad nach ndéantar ábhar nár sainaithníodh roimhe sin mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a thuairisciú d’údaráis forfheidhmithe dlí nó d’eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí gan deimhniú ó dhuine a fháil roimh ré; ”

Or. en

(32021R1232)

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal -1 f (nua)
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g – pointe iii – pointe 4

An téacs atá ann	*Leasú*
	Airteagal -1f
	In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (g)(iii)(4):
” (4) líon na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne ***a sainaithníodh, agus idirdhealú á dhéanamh idir ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne agus sirtheoireacht leanaí***; ”	” (4) líon na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne ***arna sainaithint***; ”

Or. en

(32021R1232)

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1
Rialachán (AE) 2021/1232
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm aige go dtí an 3 ***Lúnasa 2026***.	Beidh feidhm aige go dtí an 3 ***Bealtaine 2025***.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	IARSCRÍBHINN I
	Teimpléad do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir
	CUID I
	NÓTAÍ TRÁCHTA GINEARÁLTA
	De bhun Airteagal 3(1), pointe f, fomhír (vii), de Rialachán 2021/1232, comhlánfaidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir na teimpléid san Iarscríbhinn seo.
	Is iad seo na catagóirí sa Rialachán:
	(1) cineál agus méideanna na sonraí a phróiseáiltear;
	(2) an foras sonrach a bhfuiltear ag brath air don phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2016/679;
	(3) an foras a bhfuiltear ag brath air chun sonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den Aontas de bhun Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb infheidhme,

(4) líon na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a sainaithníodh, agus idirdhealú á dhéanamh idir ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne;

(5) líon na gcásanna inar thaisc úsáideoir gearán leis an sásra sásaimh inmheánaigh nó le húdarás breithiúnach agus toradh na ngearán sin;

(6) líon agus cóimheasa earráidí (bréagdheimhneacha) na dteicneolaíochtaí éagsúla a úsáidtear;

(7) na bearta a chuirtear i bhfeidhm chun an ráta earráide a theorannú agus an ráta earráide a bhaintear amach leo;

(8) an beartas coinneála agus na coimircí cosanta sonraí a chuirtear i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) 2016/679;

(9) ainmneacha na n-eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí ar roinneadh sonraí leo de bhun an Rialacháin seo;

Or. en

Réasúnú

Ós rud é nach soláthraítear teimpléad le haghaidh an tuairiscithe le Rialachán 2021/1232, chomhroinn soláthraithe cineálacha éagsúla faisnéise nach raibh inchomparáide i gcónaí, rud a fhágann gur gá teimpléad a bhunú chun an oibleagáid maidir le tuairisciú ag soláthraithe a chomhlíonadh de bhun Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
AITHRIS 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Catagóir de réir Airteagal 3(f)(1)(vii)	***Fochatagóir***	***Cur síos***
1) cineál agus méideanna na sonraí		

a phróiseáiltear;		
	Íomhánna de thionscnamh AE	
	Íomhánna de thionscnamh Domhanda	
	Físeáin de thionscnamh AE	
	Físeáin de thionscnamh Domhanda	
	Sonraí Tráchta a bhaineann le sonraí Úsáideora/tuairiscithe/cuntais	
	Sonraí Tráchta maidir le Meiteashonraí a bhaineann le sonraí inneachair/idirbhearta	
	Sonraí Tráchta maidir le Sonraí a bhaineann le híospartach a d'fhéadfadh a bheith ann	
	Sonraí Tráchta maidir le sonraí oibríochtaí mí-úsáide	
	Táscairí eile	
2) an foras sonrach a bhfuiltear ag brath air don phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2016/679;		
3) an foras a bhfuiltear ag brath air chun sonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den Aontas de bhun Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb infheidhme,		
4) líon na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a sainaithníodh		
	Íomhánna de thionscnamh AE	
	Íomhánna de thionscnamh Domhanda	
	Físeáin de thionscnamh AE	
	Físeáin de thionscnamh Domhanda	
	Cuntas Úsáideora AE lena mbaineann	

	Cuntais Úsáideora ar fud an domhain	
	Míreanna Inneachair arna dtuairiscú do NCMEC	
5) líon na gcásanna inar thaisc úsáideoir gearán leis an sásra sásaimh inmheánaigh nó le húdarás breithiúnach agus toradh na ngearán sin;		
	Cuntais an Aontais ar cuireadh srian leo mar gheall ar chomhroinnt ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí	
	Cuntais AE a rinne achomharc i gcoinne na srianta/an aistrithe	
	Cuntais AE a bhfuil gearán curtha isteach acu leis an sásra inmheánach	
	Cuntais AE a bhfuil gearán curtha isteach acu leis an údarás breithiúnach	
	Cuntais AE ar athbhunaíodh iad tar éis athbhreithniú	
6) líon agus cóimheasa earráidí (bréagdheimhneacha) na dteicneolaíochtaí éagsúla a úsáidtear;		
7) na bearta a chuirtear i bhfeidhm chun an ráta earráide a theorannú agus an ráta earráide a bhaintear amach leo;		
	teicneolaíochtaí hais-mheaitseála	
	faireachán agus measúnú cáilíochta ar fheidhmíocht uirlisí braite CSA	
	athbhreithniú agus formhaoirseacht dhaonna: déanann athbhreithneoirí daonna/anailísithe oilte iniúchadh ar shamplaí de mheáin a bhraitear mar CSAM trí theicneolaíochtaí hais-mheaitseála	

	aird a tharraingt agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhraislí ardtoirte (Meta);	
	feidhm a bhaint as tuilleadh próisis athbhreithnithe láimhe mar hais-seiceálacha cáilíochta leanúnacha	
	athbhreithneoirí daonna atá ag dul faoi oiliúint láidir speisialaithe faoi threoir abhcóide maidir le conas inneachar CSAM a aithint chun cruinneas an athbhreithnithe dhaonna a áirithiú	
	measúnuithe rialaithe cáilíochta tréimhsiúla ar athbhreithneoirí daonna agus na fioraisc a chuirtear i bhfeidhm	
	próisis rialaithe cáilíochta eile chun earráidí a laghdú agus a leigheas láithreach, amhail haisfhíorú neamhspleách (Google, LinkedIn), athbhreithniú daonna ar gach cás de CSAM nach bhfacthas riamh roimh thuairisciú	
	forbairt agus athbhreithniú rialta beartas agus straitéisí forfheidhmiúcháin ag saineolaithe ábhair oilte ar CSA ar líne	
	rannpháirtíocht le NCMEC CyberTipline	
	Táscairí eile	
8) an beartas coinneála agus na coimircí cosanta sonraí a chuirtear i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) 2016/679;		
	An tréimhse choinneála de réir catagóir agus cuspóir sonraí	
	Bearta chun íoslaghdú sonraí a áirithiú	
	Ráthaíochtaí i ndáil le cosaint sonraí pearsanta	
9) ainmneacha na n-eagraíochtaí a		

ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí ar roinneadh sonraí leo de bhun an Rialacháin seo;		
10) Gan a bheith cumhdaithe ag eochairfhocal aon chatagóire eile.		

Or. en

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas agus an dréacht-tuarascáil á hullmhú aici:

Eintiteas agus/nó duine
European Commission, DG Migration and Home Affairs
Permanent Representation of Belgium
Permanent Representation of Germany
European Digital Rights
Meta
Microsoft

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.